Seanad 100 Éireann

# Plean Ceachta 5. Díospóireachtaí Suntasacha

## Torthaí Foghlama

Ag deireadh an cheachta seo beidh na daltaí in ann:

1. Plé a dhéanamh ar an gcúlra polaitiúil, cultúrtha agus sóisialta a bhain le roinnt de na Díospóireachtaí Seanaid ba shuntasach.

## Naisc Churaclaim

- Maidir leis na Seanadóirí agus a n-óráidí a ndéantar cur síos orthu sa cheacht seo, tá ceangal acu le Topaicí 2 agus 3 de Shiollabas Staire na hArdteistiméireachta.

## Acmhainní

- Seanad Debates through the Decades

## Réamhrá

- Agus an nasc atá i roinn na n-acmhainní á úsáid agat, tabhair míniú achomair ar roinnt de na saincheisteanna i ndíospóireachtaí roghnaithe.

## Forbairt:

- Tá gach ceann de na díospóireachtaí seo a leanas ceangailte le topaicí atá ar an gcúrsa Staire don Ardteistiméireacht. I gcás gach ceann díobh, freagair na ceisteanna seo a leanas.

### A. An Bille Bunreachta (Móid do Chur ar Ceal)

1. Mínigh céard a bhí sa Mhionn Dílseachta
2. Le linn na Díospóireachta, baineadh úsáid as roinnt téarmaí: mínigh gach ceann de na téarmaí seo: Comhlathas Briotanach na Náisiún, Uachtarán na hArd-Chomhairle, Gobharnóir Ginearálta ar Shaorstát Éireann.
3. San óráid a rinne an Seanadóir Thomas Johnson, deir sé 'Is féidir leis an Dáil a mhaíomh go bhfuil údarás ón bpobal aici, rud nach féidir leis an Seanad a mhaíomh. Ionadaithe díreacha an phobail atá sa Dáil.'. Céard a bhí i gceist aige leis an abairt sin, dar leat?

**B. Cinsireacht**

1. Cad é teideal an leabhair a bhí i gcoílár na díospóireachta agus cén fáth a bhféadfaí a mheas gur leabhar conspóideach é?
2. Cén post Aireachta a bhí ag Frank Aiken?
3. San óráid a thug sé, déanann an tAire tagairt do Chogadh na nDúchrónach: cén tréimhse i stair na hÉireann a bhfuil sé ag tagairt di agus cén fáth, dar leat, a ndearna sé tagairt di san óráid a thug sé?

**C. Ballraíocht na hÉireann de CEE (Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa)**

1. Cathain a rinne Éire iarratas ar bhallraíocht in CEE agus cé na tíortha eile a rinne iarratas in éineacht léi?
2. Sa chéad óráid a thug sé, luaigh an Seanadóir Gearóid Mac Gearailt gur chóir don Aire Gnóthaí Eachtracha 'tús a chur le beartas Eorpach gníomhach arna leagan amach sa dóigh gur féidir a chinntiú go n-éireoidh le hÉirinn bheith ina ball de na Comhphobail Eorpacha'. Ón staidéar atá déanta agat ar an topaic, cad iad na tionchair shóisialta agus eacnamaíocha a bhí ar Éirinn de bharr bheith ina ball de CEE?
3. Ag pointe amháin deir an Seanadóir Ó Coigligh go bhfuil 'deireadh leis an gcaint faoina raibh ar siúl in 1922'.
   Ón staidéar atá déanta agat go dtí seo, cén ócáid i stair na hÉireann a bhfuil sé ag tagairt di?
   Cén fáth a ndearna sé tagairt di san óráid a thug sé?